

Ach gurb í an traenáil uilig


Séideán Sí



Leagan
Ultach

Anna Ní Chartúir
Martin Fagan a mhaisigh

Ach gurb í an traenáil uilig



Anna Ní Chartúir
Martin Fagan a mhaisigh

 AN GÚM

Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2006

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2006

Athchló 2013

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thairfeadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Martin Fagan

PB Print a chlóbhuail in Éirinn

An Gúm, 24–27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1



‘Beidh cluiche peile agam i ndiaidh am scoile,’ arsa Gearóid le Daidí maidin amháin.

‘Tá súil agam go mbeidh cluiche maith agat,’ arsa Daidí.

‘Ar imir tusa peil nuair a bhí tú i do ghasúr, a Dhaidí?’ a d’fhiafraigh Gearóid i ndiaidh tamaill.

‘D’imir, leoga,’ arsa Daidí.

‘Bhí mé ar fhoireann na scoile.’

Leis sin rug Daidí ar a chóta.

‘Caithfidh mé imeacht,’ ar seisean.

‘Tchífidh mé thú.’

Agus amach an doras leis.





‘Beidh cluiche peile agam i ndiaidh am scoile,’ arsa Gearóid le Mamaí agus é ag gabháil amach an doras. ‘Tá súil agam go mbeidh cluiche maith agat,’ arsa Mamaí.

‘Cad é mar a d’éirigh libh?’ arsa
Mamaí nuair a tháinig Gearóid
chun an bhaile tráthnóna.



‘Buaileadh muid,’ arsa Gearóid.
‘Bhí mise ag imirt sna tosaithe ach
ní bhfuair mé oiread agus pointe
amháin.’

‘An raibh tusa go maith ag imirt peile nuair a bhí tú i do ghasúr?’ a d’fhiafraigh Gearóid dá Dhaidí an oíche sin.

‘Bhí sé,’ arsa Mamaí.

‘Nach bhfeiceann tú na boinn agus na cupaí uilig a bhain sé?’

‘Ba mhaith liomsa a bheith go maith ag imirt peile,’ arsa Gearóid.



An Satharn ina dhiaidh sin bhí cluiche eile ag Gearóid. Chuaigh Mamaí agus Daidí leis an cluiche a fheiceáil. Bhí Gearóid ag imirt sna tosaithe arís. Ach ní raibh cluiche rómhaith ag foireann Ghearóid agus buaileadh iad.

‘Níl siad ag déanamh go leor traenála,’ arsa Daidí le Mamaí.



Ní raibh Gearóid róshásta leis féin.

‘Ní bhfuair mé oiread agus pointe amháin,’ ar seisean le Daidí.

‘B’fhéidir nach bhfuil sibh ag déanamh go leor traenála,’ arsa Daidí.



An tráthnóna sin bhí Gearóid ag amharc ar an teilifís nuair a tháinig Daidí isteach.

‘Cuir ort do bhróga peile,’ ar seisean le Gearóid.

‘Ach tá dúil agam sa chlár seo,’ arsa Gearóid.

‘Cén dóigh go mbeifeá maith ag imirt peile mura gcleachtann tú na scileanna?’ arsa Daidí.



Nuair a bhí a bhróga peile ar
Ghearóid thug Daidí mála dó.

‘Seo duit,’ ar seisean.

‘Cheannaigh mé bronntanas duit.’

‘Cad é atá ann?’ arsa Gearóid.

‘Foscail é,’ arsa Daidí.

‘Liathróid atá ann!’ arsa Gearóid.

‘Liathróid bhreá. Go raibh céad
maith agat, a Dhaidí.’

‘Tá fáilte romhat,’ arsa Daidí.



Amach leis an bheirt acu sa ghairdín.

‘Beidh mise i mo chúl báire,’ arsa

Daidí.

‘Is liathróid bhreá í seo,’ arsa

Gearóid.

Tharraing sé cic ar an liathróid agus

chuir sé ...



... amach ar an bhealach mhór í!





‘Is liathróid bhreá í seo,’ arsa Gearóid.

Tharraing sé cic ar an liathróid arís agus chuir sé ...

... isteach sna driseoga í!






‘Goitse anseo,’ arsa Daidí i ndiaidh tamail. ‘Seo an dóigh cheart leis an liathróid a chiceáil.’

Tharraing Daidí cic ar an liathróid agus chuir sé ...

... isteach sa chúl í!





Chaith Gearóid tamall maith ag cleachtadh na scileanna peile lena Dhaidí. Ansin tharraing sé cic ar an liathróid arís. Suas san aer leis an liathróid – suas ... suas ... suas ... agus ...

... thar an trasnán!

‘Tá tú ag teacht ar aghaidh
go maith,’ arsa Daidí leis.





Achan tráthnóna ina dhiaidh sin chaith Gearóid tamall maith ag traenáil i gcuideachta a Dhaidí.



Faoi cheann míosa bhí cluiche ag Gearóid arís.

‘Ní bheidh mise ag an chluiche,’ arsa Daidí leis ar maidin. ‘Caithfidh mé a ghabháil go Londain agus ní bheidh mé ar ais in am.’



Bhí cluiche millteanach maith ag Gearóid. Fuair sé pointe amháin sa chéad leath agus trí phointe sa dara leath.

Nuair a bhí an cluiche thart scairt
Gearóid ar Dhaidí.



‘Bhain muid, a Dhaidí,’ ar seisean.
‘Agus scóráil mé ceithre phointe. Is
mór an trua nach bhfaca tú mé.’



‘Ach chonaic mé thú,’ arsa Daidí.
‘Tá mé anseo ag do thaobh.’

Anonn le Gearóid chuig Daidí.
‘Ach shíl mé go raibh tusa
i Londain, a Dhaidí,’ ar seisean.
‘Bhí mé,’ arsa Daidí, ‘ach fuair mé
tacsáí ón aerfort. Chonaic mé
an dara leath.’



‘An bhfaca tú na pointí a scóráil mé?’ arsa Gearóid.

‘Chonaic mé,’ arsa Daidí. ‘Rinne tú gnoithe maith.’

‘Ach gurb í an traenáil uilig ...,’ arsa Gearóid.

‘Sea,’ arsa Daidí. ‘Ach gurb í an traenáil ...’

Ach gurb í an traenáil uilig ...



‘Ar imir tusa peil nuair a bhí tú i do
ghasúr?’ a d’fhiafraigh Gearóid
dá Dhaidí lá amháin.